CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

## PREASEISIÚINT Uimh. 42/24

**Lucsamburg, 5 Márta 2024**

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-755/21 P | Kočner v Europol

# Próiseáil sonraí: Beidh Europol agus an Ballstát inar tharla damáiste mar thoradh ar phróiseáil neamhdhleathach sonraí i gcomhthéacs an chomhair eatarthu faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach i leith damáiste den sórt sin

Ní mór don ábhar sonraí a bhfuil cúiteamh iomlán á lorg aige as a dhamáiste nó ó Europol nó ón mBallstát lena mbaineann a léiriú, le linn an chomhair idir an dá eintiteas sin, go ndearnadh próiseáil neamhdhleathach sonraí ba chúis leis an damáiste sin. Ní cheanglaítear a shuíomh thairis sin cé acu de na heintitis sin a bhfuil an phróiseáil neamhdhleathach inchurtha ina leith.

Tar éis dhúnmharú sa tSlóvaic an 21 Feabhra 2018, iriseora agus a fiancé, Ján Kuciak agus Martina Kušnírová, rinne údaráis na Slóvaice imscrúdú fadréimseach. Arna iarraidh sin ag na húdaráis sin, bhain Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) na sonraí a stóráiltear ar dhá fhón póca a líomhnaítear gur le Marian Kočner iad. Chuir Europol a thuarascálacha eolaíocha agus tiomántán crua ar fáil do na húdaráis sin ina raibh na sonraí criptithe a asbhaineadh. I mí na Bealtaine 2019, d'fhoilsigh preas na Slóvaice faisnéis faoin Uasal Kočner óna fhóin phóca, lena n-áirítear tras-scríbhinní de chomhráite de chineál dlúthphríobháideach. Ina theannta sin, i dtuarascáil Europol, luaitear go raibh an tUasal Kočner faoi choinneáil ar amhras faoi chion airgeadais ó 2018 i leith agus go raibh a ainm nasctha go díreach, *inter alia*, le 'liostaí maifia' agus le 'Páipéir Phanama.'

Thug an tUasal Kočner caingean os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh ag lorg cúiteamh EUR 100 000 ó Europol as an damáiste neamhábhartha a mhaíonn sé a bhain dó mar thoradh ar phróiseáil neamhdhleathach a shonraí. Le breithiúnas an 29 Meán Fómhair 2021 [1], dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta dá chaingean. Chinn sí, ar an gcéad dul síos, nár thug an tUasal Kočner fianaise go raibh nasc cúisíoch idir an damáiste a líomhnaíodh agus aon iompar ar thaobh Europol agus, ar an dara dul síos, nár chruthaigh sé gur dhréachtaigh agus gur choinnigh Europol na 'liostaí maifia.' Thug an tUasal Kočner achomharc chuig an gCúirt Bhreithiúnais.

Ina breithiúnas, chinn an Chúirt Bhreithiúnais go mbunaítear le dlí an Aontais córas dliteanais chomhpháirtigh agus leithligh do Europol agus don Bhallstát inar tharla an damáiste a d'eascair as próiseáil neamhdhleathach sonraí i gcomhthéacs an chomhair eatarthu. Maidir leis an gcéad chéim, is féidir caingean os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh nó os comhair na cúirte náisiúnta inniúla faoi seach i leith dhliteanas comhpháirteach agus leithleach Europol nó an Bhallstáit lena mbaineann. I gcás inarb iomchuí, féadfar an dara céim a reáchtáil os comhair Bhord Bainistíochta Europol chun 'freagracht dheireanach' Europol agus/nó an Bhallstáit lena mbaineann a chinneadh as cúiteamh arna dheonú do dhuine nádúrtha lena mbaineann.

**Chun dliteanas comhpháirteach agus leithleach den sórt sin a thabhú** i gcomhthéacs na chéad chéime, **ní mór don duine nádúrtha lena mbaineann a léiriú, le linn an chomhair idir Europol agus an Ballstát lena mbaineann, go ndearnadh próiseáil neamhdhleathach sonraí ba chúis leis an díobháil dó.** Murab ionann agus an méid a chinn an Chúirt Ghinearálta, **ní gá don duine sin a shuíomh, ina theannta sin, cé acu den dá eintiteas**

**sin atá freagrach as an bpróiseáil neamhdhleathach sin**. Dá bhrí sin, **chuir an Chúirt Bhreithiúnais cinneadh na Cúirte Ginearálta** ar an bpointe seo **ar ceal**.

Agus an cás á chinneadh aici féin, chinn an Chúirt gur mar thoradh ar phróiseáil neamhdhleathach sonraí, arna fhianú trí shonraí a nochtadh do dhaoine neamhúdaraithe, ar sonraí iad a bhaineann le comhráite dlúthphearsanta idir an tUasal Kočner agus a chara, a chuir preas na Slóvaice na sonraí sin ar fáil don phobal. Measann an Chúirt gur sháraigh an phróiseáil neamhdhleathach sin ceart an Uasail Kočner maidir le hurraim dá shaol phríobháideach agus teaghlaigh agus dá chumarsáidí agus go ndearna an phróiseáil sin dochar dá onóir agus dá cháil, rud ba chúis le damáiste neamhábhartha dó. Bhronn an Chúirt cúiteamh EUR 2000 ar an Uasal Kočner chun an damáiste sin a shlánú.

**NÓTA:** Féadfar achomharc a dhéanamh, atá teoranta do phointí dlí, os comhair na Cúirte Breithiúnais i gcoinne breithiúnas nó ordú ón gCúirt Ghinearálta. I bprionsabal, níl éifeacht fionraíochta ag an achomharc. Má tá an t-achomharc inghlactha agus bunús maith leis, cuirfidh an Chúirt Bhreithiúnais cinneadh na Cúirte Ginearálta ar ceal. Má cheadaíonn staid na n-imeachtaí a leithéid, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais féin breithiúnas críochnaitheach a thabhairt sa chás. Murarb amhlaidh, tarchuireann sí an cás ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta, atá faoi cheangal ag cinneadh na Cúirte Breithiúnais maidir leis an achomharc.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre ar an mbreithiúnas ar shuíomh gréasáin CURIA ar an lá fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques René Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar 'Europe by Satellite' ✆ (+32) 2 2964106.

Fanaigí i dteagmháil linn!

[1] Breithiúnas an 29 Meán Fómhair 2021, *Kočner* v *Europol*, T-528/20 (féach preaseisiúint Uimh. 165/21).